

Talamh agus Foirgnimh a bhaint ó Chlár Comhardaithe an Bhoird

(Nuashonraíodh an doiciméad deireanach Lúnasa 2025)

1. Réamhrá

Is le Pátrún/Iontaobhaithe na scoile iad talamh agus foirgnimh na scoile go hiondúil.

Ní léirítear mar shócmhainní seasta sa Chlár Comhardaithe na scoile, cistí atá faighte le haghaidh talún ná foirgneamh mar atá leagtha amach in Alt 15(3) den Acht Oideachais – “D’fhonn amhras a sheachaint, ní thabharfar, ná ní mheasfar aon ní san Acht seo aon cheart don bhord ar thalamh agus foirgnimh na scoile a bhfuil an bord sin freagrach astu.”

Dá bhrí sin, moltar do bhoird agus do phátrúin/iontaobhaithe talamh agus foirgnimh a bhaint den chlár comhardaithe.

Sa chás go bhfuil talamh agus foirgnimh á bhaint den chlár comhardaithe, ba cheart cuntas ciste talún/tógála a chruthú ina n-aistrítear costas bunaidh na talún agus na bhfoirgneamh mar aon le ranníocaíochtaí i leith chostas na talún agus na bhfoirgneamh seo.

Is athrú é sin ar an mbeartas cuntasaíochta, óna dtagann coigeartú don bhliain roimhe.

Tabhair do d'aire: I gcás scoileanna a ghearrann táillí, moltar comhairle a fháil ó d'iontaobhaithe agus ó d'iniúcháir sula mbainfear talamh agus foirgnimh ón gclár comhardaithe. Is ag an gcur chuige cuntasaíochta a mholann iniúcháir(i) an bhoird agus na n-iontaobhaithe a bheidh an tosaíocht.

2. Cóireálacha Cuntasaíochta

Sampla: Tionscadal caipitil maoinithe ag an Roinn Oideachais bainte de thalamh agus d'fhoirgnimh

Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur Síos
Costas na Talún agus Foirgnimh chun Talún/Foirgneamh Cuntas an Chiste	DR	3995	Cuntas Ciste Talún/Tógála Caipiteal agus Cúlchistí
	CR	1400	Caipiteal: Costas Talún agus Foirgneamh Tugtha ar Aghaidh Sócmhainní Seasta

Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur Síos
Athscríobhtar an dímheas chuig an mBarrachas Coimeádta	DR	1410	Dímheas Carntha: Talamh agus Foirgnimh Tugtha Ar Aghaidh Sócmhainní Seasta
	CR	2710	Barrachas tugtha ar aghaidh Caipiteal agus Cúlchistí

Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur Síos
Aistrigh naranníocaíochtaí le costas na Talún agus Cuntas Foirgnimh chun Talún/Cuntas Ciste Tógála	DR	3900	Ioncam Deontais Tógála Caipitil RO Caipiteal agus Cúlchistí
	CR	3995	Cuntas Ciste Talún/Tógála Caipiteal agus Cúlchistí

Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur Síos
Scríobh amúchadh ar ais chuig Barrachas Coinnithe	DR	2710	Barrachas tugtha ar aghaidh Caipiteal agus Cúlchistí
	CR	3906	Ioncam ó Amúchadh Carntha Tógála Caipitiúla Caipiteal agus Cúlchistí

Ciste Foirgnimh Diúltach: I gcás go bhfuil níos mó airgid caite ag scoil ar thalamh agus foirgnimh ná mar a fuarthas, beidh iarmhéid diúltach nó iarmhéid dochair ar an gciste foirgnimh. Tá sé sin ag teacht leis an gcur chuige cuntasaíochta atá molta ag FSSU.